# Guth Ghoill

**€3**







***Céim Aniar Teoranta, Áras Ros Goill, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.***

**Fón: 074 9154830 / Rphost: ceimaniar@eircom.net / Facebook: Céim Aniar Teo**

# Clár

Oideadeachas i Ros Goill sa tSean Am 2
Muintir Mhic A'Bháird 8
Féile Áitiúil Scoildrámaíochta 2018 16
Seanchas le Séan Ó hEochaidh - An Chaora 17
Leac na hAitinne 20
Caitlín Mhic Pháidín, 1917 - 2018 22

# Oideachas i Ros Goill sa tSean Am

~Nóirín Goulding

## Cúlra:

Chuir Rialtas na Breataine neart Coimisiúin ar bun san 18ú agus 19ú aois le taighde a dhéanamh ar staid an oideachais in Éirinn. Thug na coimisinéirí cuairt ar chineáil difriúla scoileanna a bhí ar bun sa tír cheana féin, cuid mhór acu ar bhonn neamh-fhoirmiúil. I measc na scoileanna seo bhí scoileanna scairte nó *hedge schools.* Tá sé ráite i seanchas na háite seo go raibh scoil scairte i nGort na Luchóg, i nDún Dubháin, ar An Ghlíob agus ar an Ard Bán. Leoga fuarthas iarsmaí de shean chlog scoile ar an Ard Bán blianta gairide ó shin. Bhí tuarastal millteanach íseal ag múinteoirí sna scoileanna seo agus go minic bhéarfadh pobal na háite breosla (*fuel*) nó bia do na múinteoirí le iad a mhealladh le leanstan orthu ag teagasc sa cheantar.

Ar feadh tamaill cuireadh constaicí ar




Chaitlicigh oideachas de shórt ar bith a fháil. Chuir *An Act to restrain foreign education* (1695) agus *An Act to prevent the further growth of popery* (1704) cosc ar Chaitlicigh bheith i gceannas nó ag teagasc in scoil nó a dhul thar sáile le oideachas a fháil.

Mar sin féin, chuir na hEaglaisí uilig suim san oideachas ach chan ar mhaithe le litearthacht agus uimhearthacht amháin a cuireadh an tsuim seo. Chonacthas do cheannairí na nEaglaisí go dtiocfaí smacht agus srian a choinneáil ar dhaoine, iad a choinneáil dílis don Eaglais agus srianta a choinneáil ar thuairimí pholaitiúil agus chreidimh. I bhfocla eile bhí na hEaglaisí ag iarraidh go mbeadh a lucht leanúna dílis don *status quo.* Bhí tábhacht faoi leith ag baint le seo in Éirinn mar de réir an t-oideoir (*educator)* John Foster in 1905: *The feelings of the Irish Nation are strong, and their passions sometimes dangerous in the extreme.*

In 1824 cuireadh coimisiún eile ar bun le súil a chaitheamh ar na córais dhifriúla oideachais a bhí sa tír. Bhí an coimisiún seo i bhfabhar go mbeadh na páistí as achan chreideamh le chéile i rith an lae fá choinne na hábhair uilig ach amháin Creideamh. Bheadh na páistí as na creidimh dhifriúla á dteagasc i ngrúpaí leo féin.

In 1831 scríobh Príomh-Rúnaí Éirinn, Lord Stanley, litir chuig an Diúc Laighean ag tabhairt cuireadh dó bheith mar chathaoir-leach ar Bhord Nua na gCoimisinéirí Oideachais Náisiúnta. Mhol Stanley, mar cheann de phríomh aidhmeanna an bhoird seo, nach mbeadh deighilt *(separation)* ar bith idir na páistí ar bhonn a gcreideamh. Mar sin, is córas ilchreidmheach *(multi - denominational)* a bhí i gceist. Dár ndóigh, chruthaigh seo aighneas agus conspóid idir na hEaglaisí dhifriúla agus idir na hEaglaisí agus an Stát. Thiocfadh le duine a rá go

bhfuil seo ag leanstan ar aghaidh go dtí an lá inniu. Sin agaibh achoimre ar chúlra an chórais oideachais sa tír seo agus bhí sé i bhfeidhm 40 bliain sular cuireadh a leithéid de chóras ar bun sa Bhreatain.

## Oideachas i Ros Goill

Chaith mé féin tamall sa Chartlann Náisiúnta le tamall ag amharc siar ar thuairiscí fá scoileanna i Ros Goill. Sa ghiota seo beidh mé ag díriú isteach ar mo shean scoil féin, sin Scoil Mhíobhuí agus tá cuntas agam anseo ar chuid den eolas a dtáinig mé trasna air. Faoi mar a dúirt mé thuas bhí cúpla scoil scairte sa cheantar anuas fríd na blianta. Tá tuairiscí le fáil a deir go raibh deacrachtaí múinteoirí a fhostú sa cheantar de bharr iargúltacht *(remoteness)* na háite agus easpa lóistín, go háirithe do mhúinteoirí a raibh teaghlach acu. I Mí Meán Fómhair 1931 scríobh an tAthair Mc Intyre, sagart a bhí sa pharóiste san am, litir chuig an Roinn Oideachais ag rá gur chuir sé fógra sna páipéir ag cuartú Príomh Oide do Scoil Mhíobhuí agus go raibh deacrachtaí móra aige duine cáilithe a fháil mar '*there's no housing accommodation for a family man nor suitable lodgings within 3 to 4 miles of the school'.* Sa deireadh ceapadh John Mc Ginley ar an 1ú lá de Dheireadh Fómhair 1931, bhí seisean ag teagasc i Laghey roimhe sin.

San am sin agus leoga suas go dtí na 1960aidí d'fhanfadh páistí ar scoil go dtí go mbeadh siad thart ar cheithre bliana déag, an t-aon oideachas a fuair na créatúir ná ar an scoil náisiúnta. Go minic bheadh siad as láthair ón scoil ó Bhealtaine go Samhain, ar




Muintir Bhill I 1909 : Máire, Maggie, Bill, Sarah, Madgie Bhán (an Mháthair), Micí, Kitty, Madgie (chun tosaigh), Paidí agus Denis

shiúil ar fostú thart fan áit, i bhFánaid nó in áiteanna mar An Lagán. Bhí caighdeán ard go leor sa churaclam ag an am ach níl a fhios agam ar cuireadh i bhfeidhm é go díograiseach. Bhí céimseata, ailgéabar agus uimhríocht ar an chlár matamaitice. Ó na tuairiscí a fuair mé féin cuireadh béim ar scríobh, go háirithe scríobh litreacha sa dóigh is go mbeadh daoine ábalta litir a chur 'na bhaile nuair a d'imeodh siad ar imirce. Cuireadh béim ar fhuáil agus cniotáil do ghirseacha agus is minic gur i rang mar seo a bhíodh siadsan nuair a bheadh na gasraí i rang ailgéabar.

Thosaigh Liam Mac Lochlainn, (Bill), as Baile na Deora ag teagasc i Sean Scoil Mhíobhuí i Mí Dheireadh Fómhair 1890. Fear darbh ainm Neil Mc Cafferty a bhí ann roimhe sin, níl eolas ar bith agam faoi.

D'inis Kitty Bhill domh gur thosaigh sí ar an tsean scoil nuair a bhí sí trí bliana d'aois (1897) agus gur chaith sí bliain ina suí san fhuinneog ag marú cuileogaí! San am, is ag an choirneál ag Tigh Fanny i mBaile na Deora a chríochnaigh an bealach mór agus d'inis duine de bhunadh Mhicí Brown (Mac Lochlainn) as Gort na Luchóg domh gur chuimhin leis lá amháin go raibh tuillte millteanacha ina rith síos an mhalaidh agus go dtáinig Bill amach agus gur chuir sé leacacha trasna an chosáin sa dóigh nach bhfaigheadh na páistí a gcuid cosa fliuch.

Aistríodh isteach sa scoil úr ar 22ú Deireadh Fómhair 1923. An tÁthar Ó Baoill a bhí ina shagart paróiste anseo san am. Bhí 43 gasúr agus 32 girseach ar rollaí na scoile. Fuarthas deontas de £1950 ón Roinn


28020-31

Uimh. Rolla 16,604. Scoil Mhíobhuidhe,
[illegible],
Co Tír Chonaill.
1adh D. Fóghmhair 1931.

An Rúnaidhe
Oifig an Oideachais Náis.
B. Á. Cliath.

A Chara,
Is mian liom a chur i n-iúl duit go bhfuil mé ag tabhairt suas an mhúineadh sa scoil luaidhte thuas ón lá indiu amach. Tá mé múineadh ón 1adh Márta 1890.
Beidheann an buidheachas duit dá socruighthe mo pinsiún agus foirm ar bith tá dhíth a chur chugam.

Is mise le meas
Do Sheirb. umhal
Liam Mac Lochlainn.


An litir a scríobh Bill nuair a bhí sé ag fágail Scoil Mhíobhuí



Bernard agus Annie Bhrianaí (Mac Lochlainn)

Oideachais le costaisí £2159 tógáil na scoile a ghlanadh. Is ó mhuintir Shearlaí Beag (Patrick Logue) a ceannaíodh an suíomh leis an scoil a thógáil air agus tógadh cuid mhór den ábhar cloiche ó chuibhreann mhuintir Fanny (Mac Giolla Bhríde) i mBaile na Deora. Chan fhuair muintir Fanny pingin rua ar a shon seo ariamh. Bhí Bill ina Phríomh Oide sa scoil úr go dtí 31ú Meán Fómhair 1931. Ceapadh John Mc Ginley ansin agus Seán Kennedy, Seán Mac Pháidín, Seosamh Ó Gallchóir agus Micheál Mac Aoidh a tháinig ina dhiaidh. Bhíodh Maggie Bhill, nighean le Bill, ag teagasc fosta agus ba ghnách léi na páistí a thabhairt amach sna cuibhrinn agus ainmneacha na bplandaí agus na mbláthanna a thabhairt dóibh. Bhí Kate Doogan, Nora O'Connor, Bridget O'Byrne, Mary Anne Cannon, Bella John Enda, Annie Bhrianaí, Eileen Ward, Máire Ní Dhochartaigh (Uí Fhrighil) agus Máire Dhomhnaill Beag i measc na múinteoirí a bhí ag teagasc ann.

Bhí m'aintín, Annie Bhrianaí, ar Scoil Mhíobhuí ó 1924 go 1934 agus thug sí an t-eolas seo a leanas domh i 1997: Rinne John Mc Ginley rang eolaíochta leis na páistí sna hard ranganna agus bhí an trealamh agus scálaí eolaíochta uilig sa scoil. Ceannaóidh dhá thonna guail achan bhliain agus chaithfeadh achan pháiste fód móna a thabhairt leo 'na scoile achan lá.




Cóip den amhrán 'Ó Domhnaill Abú' a thó mé féin síos ón chlár dubh I Scoil Mhíobhuí I 1961

Bhíodh na páistí costarnocht don chuid is mó agus is iomaí leamóg agus créacht a bhíodh ar na cosa bochta, gan truaigh gan trócaire do na páistí. Bhíodh leabhar léitheoireacht Béarla agus Gaeilge, leabhar Teagasc Críostaí agus leabhar Táblaí ag na páistí, chuirtí na mata (sums) ar an chlár dubh agus d'fhoghlaim na páistí Stair agus Tír Eolas de ghlan mheabhair. Nuair a thosaigh Annie ar an mheánscoil i dTuar Mhic Éadaigh i Meán Fómhair 1934 cheannaigh sí a céad Atlas ar a bealach ann i Woolworths i Sligeach ar 6 pingne.

Tá athrú mór ar oideachas sa tír agus i Ros Goill féin, go háirithe ó na 1960aidí ar aghaidh. Bíonn fonn ar na páistí a dhul 'na scoile na laethanta seo. Druideadh Scoil Mhíobhuí agus Scoil Dhoire a' Chasáín, tógadh scoil úr i gCeann a' Leargaí i 1969 agus bheireann bus na páistí 'na scoile ar maidin agus 'na bhaile tráthnóna. Níl an focal 'costarnocht' san fhoclóir acu agus níl acu le fód móna a thabhairt leo faoina n-ascaill níos mó. Is maith go dtáinig an t-athrú seo – faoi mar a dúirt an file 'Aoibhinn beatha an scoláire' ...

Do dhuine ar bith gur mhaith leo tuilleadh eolais fá stair an chórais oideachais in Éirinn is fiú tagairt do *Irish Education, history and structure* le John Coolahan, agus *Irish Primary Education in the Early Nineteenth Century* le Garret Fitzgerald



Anton agus Danny Shus (Mac Giolla Bhríde ) as Gort na Luchóg

# Muintir Mhic A'Dháird.

Ba as Ailt a' Chorrain, Co. Dhún na nGall a tháinig Niall, athair Shéamus Mhic A'Bháird. Chuaigh sé go Toraigh le bheith i gceannas ar an tí solais agus phós sé Éilis Ní Dhúgain gurb as an oileán di. Bhí seisear de chlann acu agus rugadh Séamus ar an Oileán in 1871.

Chan ábhar iontais ar bith é gur cainteoir dúchais Gaeilge a bhí ann mar bhí sé ar maos sa Ghaeilge ón chliabhán. Bhí léamh na Gaeilge aige chomh maith, rud a bhí neamhchoitianta ag an am. Ón am a bhí sé ina stócach thuig sé tábhacht an léinn.


Luigh sé leis na leabhair am ar bith a mbíodh uair le spáráil aige agus ní hé amháin go bhfuair sé máistreacht ar an Ghaeilge ach d'fhoghlaim sé Béarla, Fraincís agus Laidin fosta.

Cha bheadh sé ceart ná cothrom, agus mé ag scríobh faoi Shéamus, gan cur síos a dhéanamh ar Oileán Thoraí, a áit dhúchais.

Áit lom, fuar, iargúlta atá in Oileán Thoraí atá ina luí amuigh san fharraige mhór thart fa ocht míle ó chósta thuaidh Dhún na nGall, gan aon fhoscadh ná cosaint ón doineann atá le fáil go minic thuas ansin.

Nuair a bhí Séamus ar an saol seo, is dóiche go raibh líon mór daoine ar an oileán agus san am sin, go minic, bhí an t-oileán gearrtha ar shiúl ón tír mór de thairbhe cúrsaí aimsire de agus théadh muintir an oileáin tamall fada gan teagmháil ar bith acu leis an tír-mór. Tá dhá theoiric ag dul le hainm an oileáin: Ní raibh roilig ar bith i Machaire Rabhartraigh, an áit ar an tír-mór is cóngaraí don oileán agus cuireadh achan duine a fuair bás ar an tír mór i roilig an oileáin. De bhrí sin, ba é radharc an tórraimh agus é ag dul amach ar bhádaí chun an oileáin an radarc a ghin an t-ainm sin don oileán. Is é tórramh an focal i nDún na nGall fá choinne 'funeral', agus tháinig Torraigh ón fhocal Gaeilge sin. Is dóiche go bhfuil sin fíor. Ba é 'giarrot' an t-ainm cleite a bhain Séamus úsáid as. 'Sé sin Torraig litriste ón chúl. (Bheadh séimhiú ar an 'g' an t-am sin.) Litríonn sé é le dhá 'r' sa dóigh chéanna go bhfuil dhá 'r' le fáil i dtórramh fosta.

Is é an teoiric eile a chuala mé ná gur Toraigh a tugadh ar an oileán mar gheall ar an tor mór atá le feiceáil go soiléir ar thaobh amháin den oileán.



Sa bhlian 1912, phós sé múinteoir scoile a tháinig chun an Oileáin ó Bhun an Phobail darbh ainm Treasa Nic Suibhne.

Tá codarsnacht mhór ag baint leis an oileán. Níl amhras ar bith ná gur áit lom, neamhthorthúil atá ann ó thaobh na timpeallachta de ach is áit shaibhir, lán, bláfar atá ann fosta, báite i dteanga agus i gcultúr ár dtíre.

Rugadh a iníon Eibhlín, a bhí pósta ar Sheosamh Ó Gallchóir as Carraig Airt agus a raibh cónaí uirthi sna Dúnaibh, i mí Nollag na bliana 1916 agus a gcéad mac Colm sa bhliain 1918. Bheadh ceathrar eile clainne acu, Caoimhín, a fuair bás i 1951, Éanna, Breandán agus Mairín a mhaireann go fóill.

Fuair Séamus post ag obair ar son Lloyd's, comhlacht árachais a raibh stáisiún comharthachta ar an Oileán acu.

'Sé an cineál post a bhí aige ná aire a thabhairt do

bhádaí a bhíodh ag gabháil thart leis an oileán. Dá bhfeicfeadh sé bád bheadh air teagmháil a dhéanamh leis agus a ghnó a fháil amach chun go dtiocfadh leis an t-eolas a chuir chuig Lloyd's. Ní b'shin an t-aon cheangal amháin a bhí aige le bádaí ar ndóigh. Deir Séan Hiúdaí Ó Gallchóir ó Ghort A' Choirce (iar-mháistir scoile ar Oileán Thoraigh, a raibh aithne aige ar Shéamus) gur chuir sé eagrú ar bhádóirí Thoraigh i gcúrsaí rámhaíochta – scileanna a bhí acu ón dúchas – go dtí go raibh cliú agus cáil orthu ag rásaí na mbád thart ar chósta Iar-Thuaiscirt Thír Chonaill. Dar leis fosta go raibh slí maireachtála i bhfad ní b'fhearr ag na hoileánaigh ná mar a bhí ag muintir na tír-móire. Mar is eol dúinn bhí siopa ag a athair Niall, agus de réir mar a d'éirigh sé níos sine, is dóiche go raibh baint mhór ag Séamus leis an siopa. Bhí Seán Hiudaí ábalta inseacht domh gur stop na línéir mhóra ag Oileán Thoraí ó am go ham chun a gcuid earraí don turas a cheannacht i siopa Mhic A'Bháird agus iad ar a mbealach go Meiriceá. Dar leis fosta nach raibh a dhath ar bith ar dhroim an domhain nach mbeadh Séamus ábalta fáil duit dá mbeadh sé de dhíth ort, fiú muna raibh sé sa tsiopa aige.

Bhí eacnamaíocht an oileáin bunaithe go hiomlán ar an iasc. Thiocfadh leat a rá gurb é an t-iasc airgeadra na ndaoine. Nuair a tháinig daoine isteach chuig siopa Mhic A' Bháird agus a gcuid earraí á ndíol acu, bhéarfadh siad éisc do Shéamus in áit airgid. Ansin dhéanfadh Séamus na héisc a easportáil ar fud na hEorpa, go háirithe go dtí an Ghearmáin. Tá cuimhne mhaith ag a iníon Eibhlín faoin am ar chaill a h-athair ceithre mhíle punt nuair a bhí sé ag easportáil na héisc go dtí an Ghearmáin agus bhris an chéad chogadh Domhanda amach. Chaill sé luach leath mhilliún punt, in airgead an lae inniu.

Deirtear go raibh cáil air de bharr a láidreachta agus a nirt. Deir an tAthair Eoghan Ó Colm ina leabhar *Toraigh na dTonn* gur iompar sé seacht go leith céad meáchán de chrúanna capaill síos Cé Mhachaire Rabhartaigh agus deir muintir na nDúnaibh go raibh ancaire ar Chéidh na nDúnaibh agus nach raibh ach beirt fhear ariamh a bhain bogadh as agus b'eisean fear acu.

Is léir go raibh dúil aige in achan ghné den chultúr Ghaelach, ba shíntiúsóir é don pháipéar Gaelach, An Claideamh Soluis, i 1900, rud a thaispeánann a shuim sa litríocht. Ceithre bliana ina dhiaidh sin bhí a shaothar 'Troid Bhaile an Droichid', scéal faoin bhruíon chaorthainn a troideadh i dTír Chonaill, i gcló aige sa pháipéar chéanna.



Ba é sin bua fiúntach a mhair ina chuid páistí, go háirithe mo sheanathair, Colm. Rinnceoir de'n chéad scoith a bhí ann agus bhí sé i mbarr a réime nuair a hiarradh air dul ar thuras le Comhaltas Ceoltóirí Éireann go Meiriceá agus go Canada sa bhliain 1972 agus go dtí an Bhreatain 1974.Seo pictiúr den teaghlach uilig agus iad gléasta chun rinceoireachta.

**Teaghlach Shéamais & Treasa (sna Dúnaibh): Ó chlé – Eibhlín, Colm, Caoimhín, Éanna, Breandan agus Mairín**

**Séamus mar Dhamhsóir.**

Mar a dúirt Dorothy Harrison Therman, 'Seamas himself had been a champion step dancer' . Fear siúlta a bhí ann. Dúirt Eibhlín, a iníon is sinne, go raibh an nós aige dul chuig 'Taispeántas an Earraigh' i mBaile Átha Cliath achan bhliain agus stopadh sé in Óstán an Hibernian, i sráid D'Olier, le linn a sheal ansin. Agus bhí an ceart aici. I 1900 bhí sé ag damhsa sa 'Glasgow Exhibition'. Bliain ina dhiaidh sin fuair sé an darna háit i gcomórtas don phort dúbáilte agus don ríl. Ba é an chéad seaimpín rinceoir in Éirinn ag an am sin. Chuala an tAthair Eoghan Ó Colm trácht air a chuid rinceoireachta le linn a thréimhse ar an oileán.

Cuireann seandaoine cogar i mo chluais anois agus arís, oícheanta siamsa agus dalta de chuid an Ardmháistír ar an urlár:

"Dá bhfeicfeá é féin i gcionn an chúrsa sin, chuirfeadh sé áthas ar do chroí. My oh, is é a bhí éadrom aigeantach ar a chois".

**Mar Thimire ag Conradh na Gaeilge.**

Mar is eol dúinn bhí dúil mhór aige sa teanga agus sa chultúr Ghaelach agus thosaigh sé ag obair mar thimire Ghaeilge do Chonradh na Gaeilge i 1902. A luaithe 's a fuair sé eolas gur roghnaíodh é mar thimire chuir sé craobh den chonradh ar bun ar Oileán Thoraigh. Ach de thairbhe go mbíodh air taisteal ar fud Chúige Uladh d'fhág sé daoine eile i gceannas ar an chraobh. Dar le Donncha Ó Súílleabháin ina leabhar 'Na Timirí i Ré Tosaigh an Chonartha' chuaigh sé i mbun na hoibre seo ar dtús i bparóiste Inbhir; chuaigh sé ar aghaidh go Tamhnach an Mhullaigh, An Bhearnais Mhór, Cloich Chinn Fhaolaidh, An Tearmann, Inis Eoghain, Srath an Urláir, Bealach Féich, Na Gleanntaí agus an Clochán Liath agus ansin ar aghaidh go Doire, Sligeach agus Tír Eoghain. Seo cuid de na dualgais a bhí ar na timirí:



***Griangraf a bhí ar leathanach tosaigh Fáinne an Lae, 22ú Lunasa, 1903***

**(Ina sheasamh ó chlé): Séamas mac Éinrí, Séamas Mac a' Bháird, Peadar Ó hAnnrachán, Pádraig Ó Máille, Pádraig Ó Cadhla. (Ina suí ó chlé): Tomás Ó Míodcháin, Tomas Ó Concheanainn, Fionán Mac Coluim agus Donncha O Laoire.**

To establish Irish classes and branches of the Gaelic League, to teach persons to read Irish, who would in turn be capable of teaching and influencing others, to distribute Irish literature, to interview the principals of the districts visited, and to inform and arouse local opinion on the Irish language question.

Ba dhuine an-fhóirsteanach é don phost sin siocar go ndearna sé a dhícheall misneach, uchtach agus dóchas a spreagadh i measc na múinteoirí Gaeilge nuair a théadh sé thart ar na scoilteacha. Seo a leanas an cineál duine a bhí a dhíth:

The type of teacher wanted is a man who can teach Irish independently of books, more especially in the initial stages. He must be expert at modh díreach and clár dubh work, and must have a competent knowledge both of Irish and English. While sound teaching methods are essential, personality is more so. The múinteoir taistil should know his Ireland past and present; should be able to appeal to the sentiments of the people as well as to their intellectual side; should be a patriot and an enthusiast; good-humoured and an optimist……A knowledge of Irish songs, music, dances and games will help…….Múinteoirí should feel that they are soldiers of Ireland and should talk to young and grown of Ireland's heroes and glories, thus infusing the right spirit of nationality into all with whom they come into contact.

Char chuir sé isteach air muna raibh an Ghaeilge í féin láidir i gceantar le linn dó a bheith ag cur na teanga chun cinn.

Chuaigh sé go paróiste Dhruim Thuama agus bhunaigh sé craobh ann. "Béarla ar fad a labhartar" a dúirt sé " sa pharóiste seo ach tá spiorad maith Gaelach i measc na ndaoine sa cheantar den pharóiste a bhfuil an chraobh ann, Laithigh Báirr.

Seo an méid a dúirt Andrias Ó Baoighill ó Na Rossa, Co. Dhún na nGall, faoi lá amháin a tháinig Séamas isteach, le linn d'Aindrias a bheith ag teagasc, chun go bhfeicfeadh sé caidé mar a bhí ag éirí leofa:



**Seo pictúir den Chairdinéal agus iníon Shéamuis, Aileen ina suí ar a ghlúin!**

'Agus chomh brodúil is a bhí muid nuair a mhol sé muid as an eolas a bhí againn ar ár dteanga féin.

**An Cairdinéal Ó Dónaill.**

Tá sé i gcuimhne mhuintir Ros Goill go fóill cé comh cráifeach agus a bhí sé mar go bhfuil cuimhne acu ar fhéin agus ar a bhean ag dul ar Aifreann agus chuig Comaoineach laethúil ar a gcuid rothair go Carraig Airt, agus neamhaird a dhéanamh acu ar chúrsaí aimsire. Tá sé soiléir ó na litreacha a ghabhann leis an chuntas seo an meas a bhí aige ar an Eaglais agus ar an chléir. I ndiaidh don Athair Ó Ceallaigh misiún a thabhairt ar an oileán agus is dóiche go raibh mí-úsáid na dí á cháineadh aige, scríobh Séamus litir chuig an Easpag Ó Dónaill ag rá go raibh sé chun an teach tabhairne a dhruid agus an stoc a dhíol, rud a rinne sé. Cé acu ar fhan sé an dóigh sin nó nár fhan, sin scéal eile!

Bhí sé an-chardúil leis an Chairdinéal Ó Dónaill, ní hamháin go raibh meas mór aige don chreideamh ach go raibh dúil mhór ag an Chairdinéal i gConradh na Gaeilge agus sa teanga féin. Tar éis an ailt bhig faoi Shéamus Mac a' Bháird agus Conradh na Gaeilge a léamh i leabhar Dhonncha Uí Shúileabháin, is léir go raibh dlúthbhaint ag an chléir leis an Chonradh. Ach nuair a bunaíodh craobh in chóir a bheith achan pharóiste sa tír bheadh sé ina éacht ollmhór don chléir éalú uaidh. Ní hiontas go mbíodh aighneas eatarthu in amanna nuair a bhíodh an bheirt acu ag iarraidh aird mhuintir na paróiste a fháil. Bhí Séamus iontach cardiúil le Eoin Mac Neill, fear a chobhunaigh Conradh na Gaeilge le Dubhglas de hÍde, agus scríobh sé litir chuige i 1899 ag gearán faoin chléir as siocar nach raibh siad ag cuidiú leis na timirí a gcuid oibre a spreagadh:

When a leaguer in Co.Donegal reported to Mac Néill that some of the clergy were 'not taking up the League business as they should and some think they cannot be done



**Teach Mhic A' Bháird ar Oileán Thoraigh**



**An tÓstán úr an an Oileán ar an suíomh chéanna a raibh Teach Mhic A' Bháird .**

without' he added, perceptively, that such clerical complacency was mistaken, for 'the students now in Maynooth are imbued with different ideas from those of twenty years back and will be very useful and active supporters when they come out.

Agus mé ag déanamh taighde don ábhar seo tháinig mé ar ghiota eile a thagraíonn don phíosa thuas. Le linn dó a bheith sna Gleannta bhí moladh mór aige don Chanónach Mac Pháidín toisc go raibh sé ag iarraidh tús áite a bheith tugtha don Ghaeilge sna scoilteacha. Chuaigh sé sin ina luí go mór ar Shéamus go dtí gur chuala sé an bhliain ina dhiaidh sin gur thug an Canónach tús áite do Bhéarlóir thar Ghaeilgeoir do phost inteacht sa cheantar sin. Tá míshástacht Shéamuis le féicáil go soiléir nuair a dúirt sé an méid atá thíos ag Ard-Fheis an Chonartha:

'That a vote of censure be passed on the Oireachtas Committee for appointing Rev James Mac Fadden, P.P. , as Orator of the Oireachtas.'



**Séamus Mac a' Bháird le Ruairí Mac Easmainn i dTоraigh. Sin Niall Mac a' Bháird (a athair) ar thaobh láimhe deise na mná**

Cé gur fear cráifeach a bhí ann agus níl dabht ar bith fá sin, is léir ón méid thuas go bhfuair a ghrá don teanga lámh an uachtair air agus an Canónach Mac Phaidin a cháineadh aige.

D'fhill sé ar Thoraigh i 1903 chun cuidiú a thabhairt dona athair sa teach tabhairne. Tamall ina dhiaidh sin chuir sé leis an teach sa dóigh is go ndearna sé óstán de, ar an suíomh céanna ar ar tógadh Óstán úr ar Thoraigh roinnt blianta ó shín. Ba Teach Ósta Mhic A' Bháird an t-ainm a bhí ar an teach mór a bhí ag teaghlach Néill Mhic A' Bháird. Déarfainn fhéin go dtabharfaí teach lóistín air sa lá atá inniu ann agus de réir an daonáirimh 1911 bhí beirt lóistéirí ag fanacht sa teach: Edward Stephenson, constábla de chuid an R.I.C. agus Maggie McAdam, máistreas scoile. Ina theannta seo, bhí oifig an phoist a reáchtáil ag aintín Shéamuis sa teach ach nuair a pósadh Séamus agus Treasa, roinneadh an teach idir iad féin agus an teaghlach agus chuir Séamas go mór leis an teach.

De thairibhe an méid a rinne sé ar son Chonradh na Gaeilge agus an suim gan staonadh a bhí aige in achan ghné den chultúr Ghaelach, d'éirígh sé cairdiúil le Ruairí Mac Easmainn. Thug sé cuairt ar an oileán sa bhilian 1901 chun Séamus a fheiceáil. Thug sé leabhar deas dó, Ohmar Khyaram. Bhí an leabhar sin ag Eibhlín, iníon Shéamuis, agus siniú Ruairí Mhic Easmainn fós istigh ann.

Chuala an Piarsach agus Mac Easmainn a iomrá agus thug siad cuairt ar an oileán lena bharúil agus a bhreithiúnas a fháil ar chruacheisteanna Gaelacha agus ar chúis na teanga.

Rinne an tAthair Eoghan Ó Colm pointe fiúntach nuair a scríobh sé fá na cailíochtaí éagsúla a bhí ag Séamus—scríobhnóir, file, aisteoir, aithriseoir agus damhsóir den scoth nach raibh a shárú le fáil ar an urlár, fear a raibh grá aige dá thír agus dá theanga féin.

Tá samplaí dá chuid filíochta le fáil go fóill. Bhí cuimhne ag Eibhlín ar dhán amháin a scríobh a hathair. Lá amháin agus mé i dteach 'saici bhí sí ábalta é a aithris gan stró ar bith:

**Suas leis an Ghaeilge.**

*Suas leis an Ghaeilge,*
*Ar aghaidh léi go deo,*
*Is ró-fhada bhí sí faoi smúid glais 's faoi cheo.*
*Síos leis an Bhéarla 'is le nósaí Sheáin Bhuí,*
*Na nósaí a bhí le seal fada ar gcloí.*
*Bhí an Béarla mar néal os cionn talamh 's trá,*
*Dar mealladh, dar ndalladh, dar gcreachadh 's dar gcrá*
*Ach a chairde mo chléibhe ó tógaí bhur gcroí*
*Tá grian gheal na Gaeilge fa dheire ina suí.*

Faraor nach raibh sí ábalta cuimhne a choinneáil ar mhóránán dánta eile.Ach le linn de leabhar an tAthair Eoghan Ó Colm a bheith a léamh agam tháinig mé ar dhán eile a scríobh Séamus Mac a' Bháird. *Sou'west,* an t-ainm atá air, seo bhéarsa den dán sin:




*Tá tú caite anois is lom*

*Tá sliocht an anró ar do cheann*

*Chaill tú bláth na hóige bhí ort i dtús do shaoil,*

*Mar sin féin is tú grá mo chroí,*

*Cha scaraim leat go deo*

*Nó go síntear insan chill mé le do thaobh.*

Scríobh sé amhrán eile fosta ar a dtugtar Betty Sally Dan air.

Bhí oideachas na bpáistí mar ábhar imní ag Séamus agus Treasa agus iad ag fás aníos. Bhí bunscoil ar an oileán cinnte ach bhí an bhean is sinne Eibhlín ag tarraingt ar an aois a mbeadh sí ag freastal ar an mheánscoil agus mar sin rinne siad suas a n-intinn go rachadh siad 'un na mórthíre. Mar sin de d'fhág siad slán ag Toraigh agus chuir siad fúthu sna Dúnaibh sa bhliain 1928. Fuair Séamus post leis an Roinn Talmhaíochta, ag a raibh cúram chúrsaí iascaireachta ag an am agus níos moille le Bord Iascaigh Mhara. Bhí sé mar chúram air na h-iascairí a dhíol ar on a gcuid iasc; aire a thabhairt de threallamh an Bhoird agus tuarastal na n-oibrithe i mBádchlós Mhíobhuí a íoc. D'imigh sé ar shlí na fírinne sa bhliain 1951 agus maireann a shíol agus a shíolra ansin go foill!




Tá mé ag meas gur seo an linéar an *California* ar charraigeacha Thoraigh thart fá 1914.

# Féile Áitiúil Scoildrámaíochta 2018



## Rang 1 & 2

## Shrek

## Rang 3 & 4



## Larca & an Plúirín Bán



## Rang 5 & 6

## Draíodóir Oz

# Seanchas le Seán Ó hEochaidh

## An Chaora.



Bhí am ann agus chuntasófaí maoin feirmeora ón méid caorach a bhí faoina chúram. Tá lorg na gcaorach le fáil siar ins na cianta sa domhain thoir trasna an domhain go dtí na crannóga in Iarthar na hÉireann. B'é an chaora ainmhí na híobairte i gcuid de chreideamh an ré dhorcha agus lean an scéal mar sin i ré na Críostaíochta agus mar sin de is ainmhí beag ársa an chaora. De réir na gcuntas b'ainmhí fiáin an chaora i dtús báire a raibh fionnadh ag fás uirthi in áit olann agus tá áiteacha ar an domhan go fóill a bhfuil sí mar sin. Deirtear go bhfuil trí chéad cineál pór caorach ar an domhan uilig agus 'sé an cineál connaithe an cineál is tábhachtaí don chine dhaonna.

Anseo i dTír Chonaill bhí an chaora mar chúltaca an fhir bhoicht agus is an chaora ab fhearr i gcónaí aige. Ins an am a chuaigh thart ba tearc ceann urraidh tí gan a bheagán nó a mhórán caorach a bheith aige ar an chnoc. Cúig nó sé de bhlianta ó shin hinsíodh domh go raibh tuairim is 200,000 anseo sa Chontae anseo. Níl fhios agam cad é mar tá rudaí san am i láthair mar gur éirigh luach na gcaorach go mór agus bfhéidir go bhfuiltear ag díol níos mó acu anois ná mar bhí san am sin. An chaora bheag dhílis an cara ab fhearr a bhí ag fear a' tsléibhe agus leoga fear chois farraige fosta. Níl an áit ó fhágas tú Inis Eoghain go dtéidh tú siar go Gleann Cholmcille nach bhfeicfidh tú dornán caorach ag cuid mhór, go háirithe an chuid acu atá cóngarach do na sléibhte, na caoirigh bheaga chruaidhe leis na haghaidheanna dubha atá ábalta a mbeatha a bhaint amach ar na sléibhte.

**Olann.**

Bhí an oiread tábhacht ag baint leis an olann b'fhéidir agus a bhí leis an fheol. Cad chuige seo? Cuir i gcás an áit ar tógadh mé fhéin thiar i nGleann Cholmcille bhíodh teaghlaigh mhór ansin san am a chuaigh thart agus mar tá fhios ag an saol mór dar ndóigh chan i nGleann Cholmcille amháin a bhí an saol mar sin ach i chuile cheantar Gaeltachta san am sin, bhí na daoine an-bhocht agus an bia gann agus doiligh a fháil. Ach dáiríre cibé geis a bhí acu leis, taobh amuigh de lá amháin sa bhliain, char mhothaigh mé ariamh iad ag marú caoirigh le tabhairt dá gclann le hithe. Ach an t-aon lá amháin a maródh siad moiltín beag b'é sin 'Féile Muire Mhór an Fhómhair'agus tá an seanfhocal againn ansin—'An té nach múirfidh muiltín Muire, múirfidh Muire muiltín dó', 'sé sin go dtiocfadh mí-adh agus drochchreach ar an tréad caorach muna múirfeadh siad  muiltín beag d'Fhéile Muire. Ní raibh sé de ghnás an chaora a mharú, bhí an olann lán ní ba tábhachtaí ná mar bhí an chaoireoil. Féadaim a rá, i gcuid mhór de na ceanntracha sin fosta ní chaitheadh siad rud ar bith eile ach an t-éadach a dhéanfadh  siad fhéin. Dhéanfadh siad an olann a chárdáil, nífeadh siad í agus ní raibh baile fearainn fá na paróistí nach raibh fíodóir nó cúpla fíodóir inti  agus bhí na fíodóirí sin gnoitheach ó cheann ceann na bliana ag déanamh achan chineál bainnín. Ansin dar ndóighe mar a gcéanna bhí na mná ag sníomh agus ag cniotáil, ag cniotáil stocaí agus geansaithe agus achan rud a bhí siad a chaitheamh. Agus fiú na fir, go háirithe na hiascairí,an t-éadach a bhí siad a chaitheamh taobh istigh lena gcraiceann bhí siad fhéin ag déanamh léir de sin.





**An Lomadh**.

B’é dimheas an gléas a bhí ag an fheirmeoir leis na caoirigh a lomadh.Bhí nós acu a bhain le lomadh na gcaorach chomh maith le achan rud eile san am a chuaigh thart. Bhí meithealacha lomadóireachta acu, ní rachadh fear amháin, cur i gcás,leis na caoirigh a chruinniú ar an chnoc nuair a bhí siad le tabhairt anuas cois baile lena lomadh. B’fhéidir go rachadh triúr, ceathrar nó cúigear fear de chuid an bhaile le chéile agus dá mbeadh dosaen nó scór caorach ag achan fhear bhéarfaí an t-iomlán anuas le chéile. Chuireadh siad isteach i mballóg iad agus lomfadh siad iad agus cha ndéanfadh sé a dhath difir cé na caoirigh a lomfadh siad, a gcuid fhéin nó cuid fheirmeoirí eile. Ach ansin chuireadh siad olann achan fhear i leataobh ach taobh amuigh de sin bhí an lomadóireacht a dhéanamh i gcomhar. Ansin dhéanfaí an olann a chárdáil agus bhí cárdaí speisialta acu le sin a dhéanamh. Nuair a thigeadh an olann ina ghréasán amháin de dhroim na caorach ba sin rud a dtugadh siad an lomairt air. Bhuel cha dtiocfadh le duine ar bith rud ar bith a dhéanamh díthe gan í a spíonadh, bhí an lomairt sin le briseadh suas agus le spíonadh agus nítí sin uilig leis na lámha, a tarraingt as a chéile agus ansin bhí sí le cárdáil. Ba ghnách leofa rollóga a dhéanamh díthe leis na cardaí seo. Ansin thiocfadh leo na rollóga a shníomh ar an túirne.San am a chuaigh thart ba túirní móra a bhí acu ach ansin sna blianta deireanacha ba túirní beaga a bhíodh acu.Corruair nuair a bhíodh siad ag cardáil ba ghnách leo ola de shórt éigin a chur san olann, cuir i gcás im úr nó rud inteacht mar sin, bheadh an olann níos fusa a shníomh ansin.

**An Túirne.**

Bhí mise ag obair le sean-bhean a níodh a cuid svíomhacháin ar fad leis an túirne mhór ach tá sise marbh le fada anois, ba sin Anna Nic Giolla Uain, thuas sna Cruacha Gorma, bhí an túirne mhór aici sin.



Ba ghnáth túirne a bheith in, choir a bheith, achan teach am amháin. Bhí sé cosúil leis na fidléirí. Nuair a bhí mise mo ghasúr ag éirí aníos féadaim a rá nach raibh teach i bParóiste Ghleann Cholm Cille nach raibh fideal crochta ar ailt na tineadh ann agus bhí an túirne ag dul le sin i gceann achan tigh. Agus i ndáiríre dá mbeadh fear ag dul a phósadh cailín óg ní raibh mórán measa uirthi sna laetha sin muna raibh sí ábalta cárdáil agus sníomh agus bainín a dhéanamh. D'fhéadfadh túirne a bheith ag dul léithe mar bhrontannas go dtína baile úr.

**Dallamullóg.**

Bhí gnás eile ann maidir le salachar na gcaorach agus 'sé sin gur ghnách an salachar seo a chur isteach sa bhainne, é a bhruith agus ansin é a thabhairt do pháistí a mbíodh an bhruicíneach orhtu. Níl mé cinnte cad chuige ar dearnadh seo ach d'fhéadfadh sé gur de thairbhe go mbíodh cuid mhaith luibheanna a ithe ag an chaora.Char mhaith liom é a thairiscint do pháistí an lae inniu agus inseacht dóbhtha cad é bhí ann.

# Leac na hAitinne - Fia Ann

Tá carraig thíos faoin teach inár tógadh mé i gCluain tSaileach agus an t-ainm atá air ná Leac na hAitinne. Tugadh an t-ainm sin air mar gur ghnách le muintir na háite aiteann a bhriseadh suas ann le tabhairt do na beithígh agus na hasail nuair a bheadh an cochán nó an féar gann ag tús na bliana. Is iad na brainsí beaga caola thart ar bharr an aitinn ar fad, nuair a bheadh an bláth ag teacht air faoin am seo den bhliain, a bhaineadh siad úsáid as. Bheadh siad níos blasta do na hainmhithe nuair a bhrisfeadh siad suas bog iad. Bhaineadh siad úsáid as tuairgnín le é a bhuaileadh nó píosa adhmad a mbeadh cos air.

D'inis m'athair, James Ann, do Dinis Dhonnchaidh Mhicheáil go raibh an leac íochtarach ina luí ar a taobh agus gur chuir Proinsie Dhonnchaidh Mhicheáil, uncail le Dinis, ina seasamh ar a corr í le níos mó réiteach a dhéanamh ann. An fhear deireanach a chonaic Dinis ag obair ann ná Mánas Bhrinie Thuathail. Bhí sin thart ar 1946. Roimhe sin bhí muintir an bhaile agus muintir na Cloiche Báine ag baint úsáid as.

In mo shealsa i gCluain tSaileach, bhain muid úsáid as Leac na hAitinne mar áit imeartha. Is dóiche gurbh é an chuimhne is fearr atá agam den áit ná nuair a bhí an bonnachán againn ann. Traidisiún mór a bhí sa bhonnachán i Ros Goill san am. Cá ndeachaigh sé?

Bhí an carghas le coinneáil againn achan bhliain ar mhilseáin agus leath bealaigh fríd,

bheadh muintir an bhaile ag díriú ár n-aird ar an bhonnachán. Bhí teach le tógáil agus ba ag Denis, mo dheartháir, a bhí an cúram seo. Corruair bheadh an teach againn ag taobh an bhóithigh agus amanna eile bheadh sí thíos ag Leac na hAitinne. Bhí sean bhallóg cheana féin ag taobh an bhóithigh agus mar sin cha raibh ach díon le cur air. Bhí cuidiú le fáil ó na comharsana ag Dinis fá choinne truipleoga a fháil agus chuirfeadh sé iad seo trasna ar phíosaí adhmad agus fágadh poll beag ann le oibriú mar shimléar leis an toit a ligean amach. Níl cuimhne agam ar cuireadh díon ar Leac na hAitinne. Cha raibh páistí ar bith eile ar an bhaile s'againne agus mar sin bhí muid mar chlann rí ann, gan ganntanas de shórt ar bith orainn. I rith seachtain na Cásca bheireadh na comharsa ar an Bhaile Thiar agus ar an Bhaile Thoir ubh an duine dúinn don lá mór. Cha raibh barraíocht iomrá againn san am sin ar uibheacha na Cásca mar atá acu sa lá inniu. Ar an Satharn ansin, bhí tine le hullmhú fá choinne an lá mór. Ar an Domhnach, i ndiaidh am dinnéir, bhí an tine le lasadh, pota breá mór uisce le tabhairt amach agus na huibheacha le bruith. Corr bhliain bhíodh cúpla clann dár gcairde ag tarraingt orainn agus in amanna bhíodh muid linn féin. An chuimhne is mó atá agam féin ná a bheith plúchta leis an toit ón tine agus muid inár suí taobh amuigh ar an talamh agus ubh agus spúnóg ag achan duine, bosca salainn eadrainn, ag ithe go réidh go mbeadh maróg orainn. Ina suí inár measc i gcónaí, bhí mo mháthair, ag glacadh páirt sa traidisiúin seo mar a shíl mé ach is dócha go raibh sí ag coinneáil súil ghéar orainn nach bhfaigheadh muid dóite leis an tine. Nach raibh an aimsir níos fearr an t-am sin fosta? Thíos ag Leac na hAitinne bhí an aimsir i gcónaí maith. Bhí sé níos fusa an tine a choinneáil anseo mar go raibh leac chosanta ar thrí thaobh aici ach, in amanna leoga, bhí trioblóid leis an toit fosta. An rud a chur iontas orm faoin traidisiún seo ná nach bhfuil cuimhne ar bith ag mo dheirfiúr, Máire, air cé nach bhfuil sí ach sé bliana níos óige ná mise.

Tá Leac na hAitinne clúdaithe le copóga agus cúl faiche anois agus cha n-aithneofá an áit, dalta go leor áiteanna eile cosúil leis ach is binn na glórtha atá le cloisteáil i mbóithrín na smaointe uaidh.



# Caitlín Mhic Pháidín, 1917 – 2018


*Bean uasal lách, carthanach a bhí i gCaitlín, bean Jack Mac Pháidín. Cé go raibh os cionn an chéid nuair a fuair sí bás i Mí Márta b'ábhar bróin a bhí ann don cheantar. Ar dheis lámh dé go raibh a h-anam uasal. Rinne a mac Ciaran cur síos anseo ar shaol a Mháthrach*

Dé Luain, an cúigiú lá de Mhí na Márta, tháinig scéala 'na nDúnaibh go raibh Caitlín Mhic Pháidín, an duine ba sine sa pharóiste indiaidh bás a fháil I mBaile Atha Cliath. Bhí cónaí uirthí 'sna Dúnaibh ó 1945 nuair a phós si Séan (Jack) Mac Pháidín as Doire a'Chasáin.

Rugadh Caitlín ar an 26ú lá d'Iúil, 1917 ar an Fhál Carrach. Ba as Oileán na Cruite a hathair Antaine Ó'Dochartaigh agus as an Teampall Maol in Inis Eoghain Thoir a máthair, Máíre Ní Canna. Bhásaigh a máthair nuair a bhí Caitlín sé bliana d'aois agus a hathair nuair a bhí sí cuig bliana déag. Nuair a theip ar shláinte a hathar, bhí Cáitlín go díreach ag toiseacht I gClochar Loreto i Leitir Ceanainn agus tugadh í 'na bháile le hamharc indiaidh a hathar go bfhuair sé bás i 1932.

I rith an ama seo, lean Caitlín den oideachas 'sa bháile faoi threoir a deirféar Anna a bhí ina múinteoir scoile ar an Fhál Carrach agus nuair a bhí sí an aois cheart, chuiagh sí i mbun traenála le bheith ina banaltra in Ospidéal Mercers i mBaile Atha Cliath agus ina dhiaidh sin in Ospidéal Sráid Holles.

Cháiligh sí mar bhanaltra agus mar chnáimhseach i 1940 agus chaith sí tamall ag obair mar bhanaltra ar Inis Oírr amach ó chósta na Gaillimhe agus i gCluain Maine in Inis Eoghan sular phós sí Jack i 1945.


No. A 7041

General Nursing Council for Ireland

(9 and 10 Geo. V., Cap 96)

This is to Certify that

Miss Kathleen Doherty

of Falcarragh, Co. Donegal.

was admitted after Examination on the undermentioned date to the General Part of the Register of Nurses for the Sick, maintained by the General Nursing Council for Ireland, and that she is entitled in pursuance of the Nurses Registration (I.) Act, 1919, to take and use the title of "Registered Nurse."

Dated this Sixth day of August 1940

Chairman


Annie Black R.G.N

Registrar

Chuir said futhú ar dtús sa Teach Bán a bhi ar chúl an Downings Bay Hotel ach atá leagtha anois. San am sin, geobhfá uisce ó phump a bhí ar an tsráid taobh amuigh de theach Georgie Doherty. Ina dhiaidh sin, chaith said cúpla bliain i dteach Kelly an áit a bhfuil cónaí ar Marion Buchannan anois agus ba thíos tigh Diamond go minic a geobhfá buicéad uisce ó Mhánas Mór. Ina dhiaidh sin, bhog said go Leargan Riabhach go dtí'n teach úr a thóg Jack ansin. Nuair a bhi Caitlín agus Jack ag dul anonn in aois, dhíol said a' teach sin agus bhog said don uair dheireanach go dtí Beach Park.

Nuair a fuair a fear céile Jack bás i 2002, lean Caitlin ina cónai léi fhéin sna Dúnaibh go dti go raibh sí 97 agus bhog sí ansin go Baile Atha Cliath an áit ar thosaigh sí mar bhanaltra óg i 1940.

Deichniur clainne a bhí ag Caitlín agus Jack agus ba chúis mhór bróin dóibh nuair a maraíodh a iníon Eithne agus a mac óg Eoghan i dtimpiste i 1982. Tá an chuid eile den chlann, Maureen, Ciarán, Aodán, Seán, Ronán, Dairine, Raymond agus Orla uilig sa tír go fóill agus tá cónai ar Dhéaglán I Singapore. Ar dheis lamh Dé go raibh a hanam uasal.



Caitlín mar bhanaltra óg i gCluain Maine 1943

# Lá Fhéile Pádraig 2018































Údarás na Gaeltachta
An Roinn
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht
AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA
Camas, Conamara.
Teil: 091-574146 / Facs: 091-574155
eolas@drama-gaeilge.com www.drama-gaeilge.com